2023/2781

12.12.2023

CINNEADH (Euratom) 2023/2781 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2023

lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a thabhairt i gcrích

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara mír, de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 31 Bealtaine 2021 agus ba cheart dó fanacht i bhfeidhm go dtí an 31 Bealtaine 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal aonair

Formheastar leis seo go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. CALVIÑO SANTAMARÍA

IARSCRÍBHINN

COMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH AGUS EAGRAÍOCHT FORBARTHA FUINNIMH LEITHINIS NA CÓIRÉ

TÁ AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH,

Dá ngairtear 'an Comhphobal' anseo feasta, agus

EAGRAÍOCHT FORBARTHA FUINNIMH LEITHINIS NA CÓIRÉ,

Dá ngairtear 'KEDO' anseo feasta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Bunaíodh KEDO de bhun an Chomhaontaithe an 9 Márta 1995 maidir le Bunú Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré, arna leasú an 19 Meán Fómhair 1997, idir Rialtais Phoblacht na Cóiré, na Seapáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá;

2. Chuaigh an t-ochtú Comhaontú a tugadh i gcrích idir an Comhphobal agus KEDO in éag an 31 Bealtaine 2021;

3. Tar éis do Bhord Feidhmiúcháin KEDO cinneadh a dhéanamh tionscadal imoibreora éadromuisce a fhoirceannadh agus tar éis chinneadh 2007 freagrachtaí na Rúnaíochta a chomhlíonadh le foireann laghdaithe go mór agus saoráidí oifige íosta, chinn an Bord in 2021 leanúint de KEDO tar éis an 31 Bealtaine 2021;

4. Tá sé curtha in iúl ag an gComhphobal agus ag KEDO gur mian leo leanúint dá gcomhoibriú leis an gcuspóir foirceannadh thionscadal an Imoibreora Éadromuisce a chur chun feidhme agus foirceannadh ordúil KEDO;

5. Tar éis an 31 Bealtaine 2021, rinneadh an Comhaontú a athnuachan go huathoibríoch go bliantúil. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Chomhaontaithe. Ba cheart go mbeadh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí an 31 Bealtaine 2024.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Forálacha an Chomhaontaithe roimhe seo a chur i bhfeidhm

Mura sonraítear a mhalairt i gceann de na hAirteagail thíos, leanfaidh forálacha an Chomhaontaithe a bhí ann roimhe seo idir an Comhphobal agus KEDO, a chuaigh in éag an 31 Bealtaine 2021, d'fheidhm a bheith acu faoin gComhaontú seo.

Airteagal 2

Ranníocaíocht an Chomhphobail

Ní dhéanfar aon ranníocaíocht airgeadais ón gComhphobal le buiséad KEDO faoin gComhaontú seo.

Airteagal 3

Fad

Beidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí an 31 Bealtaine 2024.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm nuair a shíneoidh an Comhphobal agus KEDO é agus gabhfaidh éifeacht chúlghabhálach leis ón 1 Meitheamh 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil ..... an lá seo in ..... 2023, in dhá scríbhinn bhunaidh

Thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

Arna dhéanamh i Nua-Eabhrac ..... an lá seo in ..... 2023, in dhá scríbhinn bhunaidh

Thar ceann Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré